Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14705/22**

**RECH 596**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14421/22 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Cruinniú den Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 1 agus an 2 Nollaig 2022*<br>Conclúidí ón gComhairle maidir leis gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht<br>*- Formheas* |

1. Sna Conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2020 maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde Nua (LET)[1], ba dhíol sásaimh don Chomhairle cur chuige nua i leith na nuálaíochta, agus é á aithint di go bhfuil gá le straitéis taighde, nuálaíochta agus idirleata atá claochlaitheach agus réamhbhreathnaitheach a fhorbairt chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach, agus chun fás agus iomaíochas na táirgiúlachta inbhuanaithe san Eoraip a áirithiú, agus ina gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá naisc leordhóthanacha laistigh agus idir éiceachórais na nuálaíochta agus a gcuid gníomhaithe ar fud na hEorpa.

[1] 13567/20.

2. Sa Mholadh uaithi an 26 Samhain 2021 maidir le Comhshocrú don Taighde agus don Nuálaíocht (T&N) san Eoraip[2], i measc na luachanna agus na bprionsabal le haghaidh T&N san Aontas, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sineirgí idir beartais T&N agus beartais earnála agus an beartas tionsclaíoch, i measc nithe eile, trí chomhordú na mbeartas agus na gclár T&N a chur chun cinn chun tacú le nuálaíochtaí ceannródaíocha agus incriminteacha a fhorbairt ar fud an Aontais.

3. An 5 Iúil 2022, d'eisigh an Coimisiún a theachtaireacht maidir le Clár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht[3], arb iad a chuspóirí uileghabhálacha beartas nuálaíochta a leagan amach lenar féidir téarnamh inbhuanaithe athléimneach a spreagadh, borradh a chur faoin aistriú glas agus faoin aistriú digiteach, agus ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa a dhaingniú. Léiríonn an comhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair an gá atá le hathmheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil infheistíocht á déanamh ag an Aontas sa nuálaíocht agus chun dul in oiriúint don rabharta nuálaíochta nua trí bhorradh a chur faoi nuálaíochtaí teicneolaíochta doimhne (i.e. nuálaíochtaí atá fréamhaithe in ardteicneolaíochtaí, i ndul chun cinn eolaíoch agus innealtóireachta).

4. An 12 Meán Fómhair 2022, mar fhreagairt ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus chun na gníomhaíochtaí sonracha is gá chun go mbeidh an tAontas ina cheannaire domhanda maidir leis an rabharta nua nuálaíochta a chur i bhfáth, chuir Uachtaránacht na Seicia síos tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht.

5. Phléigh an Mheitheal um Thaighde an téacs ag na cruinnithe a bhí aici an 22 Meán Fómhair, an 17 Deireadh Fómhair agus an 7 Samhain 2022. Cuireadh na coigeartuithe riachtanacha a d'eascair as an bplé isteach sa leagan deireanach den téacs, a glacadh trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta dar críoch an 11 Samhain 2022.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú a thángthas air ar an leibhéal teicniúil maidir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a dhearbhú, d'fhonn na dréachtchonclúidí a thíolacadh lena nglacadh ag an gComhairle Iomaíochais (Taighde) ag an gcruinniú a bheidh aici an 2 Nollaig 2022.

---

[2] IO L 431, 2.12.2021, lch. 1-9.
[3] COM(2022) 332.

# DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN gCLÁR OIBRE EORPACH NUA UM NUÁLAÍOCHT

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

**Ag meabhrú an méid seo a leanas di:**

– na *Conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2020 maidir le Limistéar Eorpach Taighde Nua (LET)*[4], ina n-aithnítear gur gá níos mó iarrachtaí a dhéanamh chun táirgí agus seirbhísí nua a fhreastalaíonn ar éilimh na sochaí a dhéanamh de shócmhainní intleachtúla agus eolaíocha an Aontais, agus á chur i dtábhacht ag an am céanna a thábhachtaí atá naisc leordhóthanacha laistigh d'éiceachóras nuálaíochta Eorpach agus lena ghníomhaithe chun a áirithiú go dtabharfaí luach do thorthaí an taighde agus go gcuirfí i bhfeidhm iad ar bhealach níos gasta sa gheilleagar agus sa tsochaí, agus á aithint gur gá straitéis chlaochlaitheach réamhbhreathnaitheach a fhorbairt chun fás inbhuanaithe eacnamaíoch agus iomaíochas a áirithiú san Eoraip;

– na *Conclúidí uaithi an 28 Bealtaine 2021 maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a Dhoimhniú: Gairmeacha agus Dálaí Oibre Tarraingteacha Inbhuanaithe a Chur ar Fáil do Thaighdeoirí agus Cúrsaíocht Daoine Oilte a Fhíorú*[5], ina gcuirtear chun suntais a riachtanaí atá scileanna agus tallanna agus poitéinseal na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) agus na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a mhéid a bhaineann le hearnáil an ardoideachais chun fiontraíocht a chothú i dtaighdeoirí agus chun tacú le cruthú agus le méadú gnólachtaí nuathionscanta agus fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) san Eoraip;

---

[4] 13567/20.
[5] 9138/21.

– an *Moladh uaithi an 26 Samhain 2021 maidir le Comhshocrú don Taighde agus don Nuálaíocht (T&N) san Eoraip*[6], ina leagtar amach na luachanna agus na prionsabail le haghaidh T&N san Eoraip agus na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach, ina iarrtar ar na Ballstáit tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí LET, ina gcuirtear i bhfios go láidir tábhacht na sineirgí idir beartais T&N agus beartais earnála agus an beartas tionsclaíoch chun borradh a chur faoi éiceachóras nuálach an Aontais;

– na *Conclúidí uaithi an 26 Samhain 2021 maidir le Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde Amach Anseo*[7], ina leagtar amach Clár Oibre Beartais LET agus na gníomhaíochtaí deonacha LET le haghaidh na tréimhse 2022-2024 sna réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach a shainaithnítear sa Chomhshocrú;

– na *Conclúidí uaithi an 5 Aibreán 2022 maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa*[8], ina gcuirtear chun suntais gur gá institiúidí ardoideachais a spreagadh chun dlúthchomhar a fhorbairt le comhpháirtithe eacnamaíocha, sóisialta agus tionsclaíocha laistigh de na héiceachórais T&N áitiúla agus réigiúnacha;

– An *Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 maidir le plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais*[9], ina gcuirtear chun suntais a thábhachtaí atá bainistiú sócmhainní intleachtúla agus maoine intleachtúla ó thaobh iomaíochas ghnólachtaí agus tíortha nuálacha an Aontais de;

– An *Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 dar teideal Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht*[10], ina leagtar amach na príomhbhearta chun go mbeidh an tAontas mar cheannródaí domhanda sa rabharta reatha nuálaíochta domhainteicneolaíochta atá ann faoi láthair;

---

6 IO L 431, 2.12.2021, lgh. 1-9.
7 14308/2021.
8 7936/22.
9 COM(2020) 760.
10 COM(2022) 332.

**PEIRSPICTÍOCHTAÍ GINEARÁLTA BEARTAIS**

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag gach cineál nuálaíochta i ndáil le hiomaíochas an Aontais a stiúradh agus le poist, rathúnas agus dea-bhail a chruthú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur tiománaí láidir í an nuálaíocht atá dírithe ar thaighde, lena gcuirtear réitigh eolasbhunaithe ar fáil le haghaidh dúshláin dhomhanda, chun margaí nua a mhúnlú agus a chruthú; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cumasóir ríthábhachtach í an nuálaíocht, sa chiall is leithne, lena n-áirítear nuálaíocht shochaíoch, shóisialta, chultúrtha agus nuálaíocht san earnáil phoiblí, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach, go háirithe an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach, chomh maith leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe; AITHNÍONN SÍ gur gá leanúint le hinfheistíochtaí i dtaighde bunúsach agus iad a neartú chun eolas agus acmhainneachtaí nua a chruthú lena gcumasófar gach cineál nuálaíochta;

2. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil cur amach maith ag an Aontas ar tháirgeadh eolais agus go bhfuil gá le gach cineál nuálaíochta, idir incriminteach agus cheannródaíoch, chun an luach sochaíoch agus eacnamaíoch is fearr a bhaint amach agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil ról tábhachtach ag institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde agus gnólachtaí sa phróiseas sin; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí san ardoideachas agus in T&N a threisiú, na hathchóirithe beartais cuimsitheacha a chur ar aghaidh chun seasamh an Aontais mar cheannaire domhanda T&N a neartú, poitéinseal nuálaíochta an Aontais a bharrfheabhsú agus dúshraith láidir a leagan síos chun go bhfeidhmeoidh éiceachóras nuálaíochta na hEorpa go héifeachtach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról cinntitheach atá ag gníomhaíochtaí luachshocraithe eolais;

3. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé d'acmhainn ag an Aontas an rabharta nua de nuálaíochtaí ceannródaíocha domhainteicneolaíochta agus suaiteacha a stiúradh, lena n-áirítear na cinn a dtacaíonn na forbairtí incriminteacha i dteicneolaíochtaí gaolmhara leo, arna dtacú le ceannaireacht dhomhanda san eolaíocht agus sa táirgeadh eolais, bonneagar láidir tionsclaíoch, éiceachóras nuathionscanta atá ag éirí níos fuinniúla, FBManna dinimiciúla agus institiúidí taighde agus oideachas a bhfuil dea-theist orthu, mar aon le taithí fhadtéarmach i gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus treoirlínte beartais fianaisebhunaithe, lena leagtar amach cuspóirí uaillmhianacha fadbhreathnaitheacha; COMHAONTAÍONN SÍ nach mór an Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht a bhunú ar chur chuige cuimsitheach maidir le nuálaíocht ina mbeidh ról ag na heolaíochtaí sóisialta agus ag na daonnachtaí;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-iarrtar éiceachóras nuálaíochta Eorpach níos láidre agus níos forbartha le hiomaíocht dhomhanda agus leis an staid chasta gheopholaitiúil, ní hamháin chun an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach a éascú, ach chun an soláthar a éagsúlú agus chun spleáchais straitéiseacha dhíobhálacha ar sholáthróirí seachtracha a mhaolú, chun soláthar slán inbhuanaithe i dteicneolaíochtaí criticiúla agus amhábhair a threisiú, chun cothroime iomaíochta a áirithiú i margadh inmheánach an Aontais agus chun neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna;

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais oscailteacht sa chomhar idirnáisiúnta i dtaca le T&N a choinneáil ar bun chun cáilíocht T&N san Aontas a neartú a thuilleadh, agus féachaint le cothroime iomaíochta agus oscailteacht chothrom chómhalartach i T&N a shaothrú san am céanna, bunaithe ar luachanna agus prionsabail bhunúsacha chomhroinnte agus ar leasanna straitéiseacha an Aontais;

6. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go n-éilítear creat rialála atá solúbtha, oiriúnach don fheidhm, réamhbhreathnaitheach agus fabhrach don nuálaíocht le haghaidh gach cineál nuálaíochta leis an bhforbairt ghasta atá ag teacht ar an teicneolaíocht agus le luas tapa na nuálaíochta, go háirithe i gcás nuálaíochtaí ceannródaíocha, domhainteicneolaíochta agus suaiteacha. Ba cheart a áireamh leis sin gnéithe caighdeánaithe agus creidiúnaithe, ag freastal ar riachtanais na nuálaithe agus na bhfiontraithe, oiriúnú agus tástáil rialála a dhéanamh agus samhlacha nua gnó, dul chun cinn teicneolaíoch agus imscaradh margaidh a éascú, agus bearta a chur chun cinn ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna digiteach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go spreagfar nuálaíocht agus fiontraíocht ar leibhéal an Aontais, agus ar na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha leis an gcreat rialála agus go gcuirfear san áireamh teicneolaíochtaí a bheidh in ann cuidiú le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil feidhmíocht nuálaíochta an Aontais níos ísle i gcomparáid le cuid dá iomaitheoirí; COMHAONTAÍONN SÍ go bhfuil infheistíochtaí príobháideacha T&N agus úsáid straitéiseach sócmhainní intleachtúla ríthábhachtach do théarnamh iarphaindéime an Aontais, agus d'aistriú glas agus claochlú digiteach gheilleagar na hEorpa, lena n-áirítear an t-aistriú chuig fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a chur ar aghaidh, mar shampla, trí straitéis chun borradh a chur faoi T&N i hidrigin shábháilte inbhuanaithe; AITHNÍONN SÍ go bhfuil gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna agus cuideachtaí ardfháis idir bheag agus mhór, in éineacht le gníomhaithe ábhartha, lena n-áirítear gorlanna gnó, Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach agus lárionaid inniúlachta ríthábhachtach chun dlús a chur le forbairt na réiteach is gá le haghaidh chlaochlú an gheilleagair dhigitigh i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais;

8. COMHAONTAÍONN SÍ gur gá tuilleadh athchóirithe beartais ar leibhéal an Aontais agus ar na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha chun acmhainneachtaí gnó agus fiontraíochta agus réimse níos leithne scileanna ghníomhaithe T&N an Aontais a neartú, chun saoráidí tástála agus taispeána a neartú ar fud na hEorpa, chun luachshocrú eolais a threisiú, chun borradh a chur le torthaí taighde, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus samhlacha nua gnó a bheith á nglacadh ag fiontair, chun col riosca agus ilroinnt chreat rialála an Aontais a mhaolú, chun gach cineál nuálaíochta a chur chun cinn, chun rochtain ar mhaoiniú méadúcháin a fheabhsú agus a luathú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna, agus chun infheistíochtaí caipitil phríobháidigh i ngach cineál nuálaíochta a dhreasú a thuilleadh;

**TALLANNA A CHOTHÚ, A MHEALLADH AGUS A CHOINNEÁIL**

9. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach oideachas agus oiliúint ardcháilíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear deiseanna athscilithe agus uas-scilithe, agus dálaí tarraingteacha oibre agus deiseanna gairme chun daoine maithe a bhfuil raon leathan éagsúil inniúlachtaí agus scileanna acu a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear inniúlachtaí idirdhisciplíneach sa tionscal; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb iad cúrsaíocht níos cothroime daoine oilte, soghluaisteacht thrasearnála agus idirnáisiúnta, foghlaim ar feadh an tsaoil, oideachas fiontraíochta do mhic léinn, conairí foghlama solúbtha agus comhar éifeachtach idir an taighde agus an earnáil ghnó agus phoiblí na nithe lena stiúrtar luachshocrú eolais; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá moladh d'institiúidí ardoideachais a n-acmhainneachtaí a fheabhsú chun gníomhú lena n-éiceachóras trí eolas, scileanna agus inniúlachtaí riachtanacha a spreagadh, agus trí luachshocrú eolais agus cruthú seach-chuideachtaí a chothú;

10. ADMHAÍONN SÍ gur gá níos mó iarrachtaí chun cúrsaí earcaíochta, dálaí oibre, forbairt ghairme, soghluaisteacht trasearnála agus gheografacha agus oiliúint taighdeoirí agus nuálaithe aonair in institiúidí ardoideachais agus in eagraíochtaí taighde an Aontais a fheabhsú; AITHNÍONN SÍ go bhfuil margadh an tsaothair ag athrú san Eoraip, gur gá feabhas a chur ar chothromaíocht inscne, mímheaitseáil scileanna agus easnaimh oibrithe ardoilte a thuar agus a sheachaint, agus gur gá nuálaíocht domhainteicneolaíochta; MOLANN SÍ tuilleadh tionscnamh a dhéanamh a bheidh dírithe ar nuálaíocht agus ar mheon fiontraíoch a chur chun cinn agus lena bhfáilteofar rompu;

11. IS MÓR AICI beartais an Aontais agus na beartais náisiúnta chun institiúidí ardoideachais a spreagadh chun meon na fiontraíochta a neartú i measc an lucht léinn, lena n-áirítear na tionscnaimh ábhartha chun díriú ar thallanna domhainteicneolaíochta agus chun cabhrú leis an mbearna inscne sa nuálaíocht san Eoraip a dhúnadh; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuireann EIT ardán dinimiciúil ar fáil, trí thriantán an eolais a chomhtháthú, chun gnólachtaí nuathionscanta, seach-chuideachtaí agus FBManna a chur ar bun, a uas-scálú agus chun tacú leo; IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar idir EIT agus CNE chun na sineirgí eatarthu a fhorbairt tuilleadh;

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, i gcomhthéacs Fhóram CNE, féachaint ar bhealaí cur chuige chun dul i ngleic leis na bacainní riaracháin lena gcuirtear teorainn le glacadh scair-roghanna fostaithe ar fud an Aontais faoi láthair, mar bhealach chun gach cineál tallainne a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear tallanna domhainteicneolaíochta, agus go bhfuil sé ar intinn aige measúnú a dhéanamh ar an raon feidhme le haghaidh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais lena ndírítear ar fhiontraithe agus bunaitheoirí nuathionscanta ó thríú tíortha a ligean isteach, agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin á n-urramú ag an am céanna;

**AN ROCHTAIN AR MHAOINIÚ LE hAGHAIDH MÉADÚ A FHEABHSÚ**

13. Admhaíonn sí, in ainneoin an fháis a tháinig ar infheistíochtaí caipitil phríobháidigh le déanaí agus na bhfeabhsuithe a rinneadh maidir le maoiniú luathchéime a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le méadú ar líon na n-aonbheannach, go bhfuil an tAontas chun deiridh ar a iomaitheoirí i dtéarmaí infheistíochtaí caipitil fiontair ag céim níos déanaí agus cistiú méadúcháin, go háirithe i gcás cuideachtaí domhainteicneolaíochta a bhfuil suimeanna móra caipitil fhoighnigh de dhíth orthu; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt do gach cineál nuálaíochta agus an gá atá le hinfheistíochtaí caipitil phríobháidigh a mhéadú i bhfiontair nuálacha Eorpacha, go háirithe i ngnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil Comhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) a fheidhmíonn go maith bunriachtanach chun an nuálaíocht Eorpach a fheabhsú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an réiteach eatramhach maidir le Ciste CNE lena gceadaítear do Chiste CNE cinntí infheistíochta a dhéanamh; IARRANN sí ar an gCoimisiún meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar an réiteach eatramhach agus dul chun cinn á dhéanamh ag an am céanna leis an réiteach fadtéarmach, agus aird ar leith á tabhairt ar rannpháirtíocht gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí atá i mbun fáis agus FBManna agus leas a bhaint as acmhainneacht nuálaíochta na ngnólachtaí, na gcuideachtaí agus na FBManna sin; MOLANN SÍ go ndéanfaí na huirlisí atá ann cheana a bharrfheabhsú, go háirithe EIC, seachas scéimeanna forlíontacha nua a chruthú;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíocht 100 de chuid EIC a chur chun feidhme chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta a mhéadú ó phunann na dtairbhithe de CNE agus de chláir eile de chuid an Aontais trí thacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil dóibh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit taithí a mhalartú agus dea-chleachtais a roinnt maidir le gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta a mhéadú;

16. TACAÍONN SÍ leis an tionscnamh ón gCoimisiún rochtain níos fearr ar chaipiteal a éascú, trí Chlár InvestEU, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna nuálacha agus giaráil níos fearr ar infheistíochtaí príobháideacha T &N san Eoraip, lena n-áirítear trí shócmhainní maoine intleachtúla a luacháil agus trína gcur san áireamh agus infheistíochtaí cothromais á measúnú, agus ar an gcaoi sin na costais chaipitil do FBManna a laghdú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá do ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna níos mó eolais a fháil maidir le sócmhainní intleachtúla a bhrath, a fhorbairt, agus a bhainistiú go straitéiseach; AONTAÍONN SÍ leis an tionscnamh ón gCoimisiún an sásra na Gníomhaíochta Uas-scálaithe Eorpaí le haghaidh Caipiteal Riosca (ESCALAR) chun níos mó maoinithe caipitil fiontair a shlógadh do ghnólachtaí atá i mbun fáis;

**ÉICEACHÓRAIS NUÁLAÍOCHTA A FHEABHSÚ AGUS A CHOMHDHLÚTHÚ**

17. AITHNÍONN SÍ, gurb amhlaidh, in ainneoin feabhas a chur ar a feidhmíocht nuálaíochta fhoriomlán, atá an Eoraip ag streachailt ó thaobh mór-éagothromaíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta agus deighilt leanúnach nuálaíochta a bheith inti fós, a lagaíonn feidhmíocht éiceachóras nuálaíochta na hEorpa ina iomláine, rud a chuireann moill ar luas an téarnaimh iarphaindéime, an aistrithe ghlais agus an chlaochlaithe dhigitigh, lena n-áirítear claochlú éiceachórais fuinnimh agus soghluaisteachta an Aontais, agus a chuireann bac ar an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch dhea-chothromaithe atá beartaithe; Cuireann sí i dtreis go bhfuil gné láidir réigiúnach agus náisiúnta ag roinnt le héiceachórais nuálaíochta ar cheart í a chur san áireamh go hiomlán agus an beartas nuálaíochta á fhorbairt; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an ilroinnt a sheachaint, chomh maith le líonrú agus comhoibriú a neartú i measc na ngeallsealbhóirí uile;

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil ról láidir ann do phobail, do chathracha agus do réigiúin chun éiceachórais taighde agus nuálaíochta agus straitéisí fáis atá iomaíoch ar fud an domhain a thógáil. Trí fhothú acmhainneachta áitiúil agus trí infheistiú síolta, leagtar an bonn síos d’éiceachóras nuálaíochta Eorpach rathúil as a n-eascraíonn iomaíochas na hEorpa; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit fócas téamach Mhisin Fís Eorpach a mheas;

19. AITHNÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá sé déine na hinfheistíochta T&N a mhéadú i réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear infheistíochtaí i gcomhréir le Straitéisí Speisialtóireachta Cliste (S3), athchóirithe a chur chun feidhme chun éiceachórais nuálaíochta a neartú agus gníomhaithe náisiúnta agus réigiúnacha T&N araon a thabhairt níos gaire dá chéile; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá borradh a chur faoi shineirgí idir cláir agus tionscnaimh chistiúcháin chun acmhainní a scaoileadh agus éiceachórais nuálaíochta chomhtháite a chur chun cinn laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go háirithe an gá atá le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an mbearna nuálaíochta san Eoraip a dhúnadh tríd an mbonn eolaíochta agus éiceachórais nuálaíochta a neartú i dtíortha agus i réigiúin nach bhfuil ag feidhmiú chomh maith sin ó taobh T&F chun a n-acmhainneacht nuálaíochta a scaoileadh agus chun dlús a chur lena bhfás eacnamaíoch;

20. MOLANN SÍ do na Ballstáit beartais nuálaíochta shaincheaptha a shainaithint agus a chumhachtú, chun go dtabharfar aghaidh ar dhúshláin agus riachtanais áitiúla shonracha agus, ag an am céanna, rannchuidiú á dhéanamh le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus leis na tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta, ag tógáil ar réimsí S3 lena dtugtar an deis is fearr do réigiúin a n-iomaíochas a neartú; IARRANN SÍ ar na Ballstáit a struchtúir agus a sásraí náisiúnta agus réigiúnacha tacaíochta nuálaíochta a athbhreithniú, a leasú agus a chomhdhlúthú chun cabhrú le cuideachtaí nuálacha a réitigh nuálacha áitiúla a uas-scálú, a fhás agus a mhéadú go dtí margaí réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda;

21. AITHNÍONN SÍ go meastar go rannchuideoidh athchóirithe agus infheistíochtaí T&N a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) le borradh a chur faoi éiceachórais nuálaíochta agus beartais thionsclaíocha agus le géarchéimeanna a mhaolú; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sineirgí idir cistí T&N agus STA;

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún 100 réigiún Eorpach ar fud na hEorpa a shainaithint agus cuidiú leo ‘gleannta nuálaíochta réigiúnacha’ a dhéanamh díobh, trí éiceachórais réigiúnacha a nascadh le speisialtóireachtaí agus cumais chomhchosúla chomhlántacha, agus líonrú a éascú go háirithe idir réigiúin ar lú an nuálaíocht atá iontu agus réigiúin atá níos nuálaí, agus ar an gcaoi sin go mbeidís ag foghlaim óna chéile, chun a n-iarrachtaí agus a n-infheistíochtaí a ailíniú níos fearr le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus slabhraí luacha an Aontais a fhorbairt; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar le Coiste Eorpach na Réigiún, an tionscnamh seo a chomhordú le tionscnamh na Comhpháirtíochtaí don Nuálaíocht Réigiúnach (CNR) agus deiseanna cistiúcháin a chur ar fáil faoin gclár Fís Eorpach, faoi CFRE agus faoi chláir ábhartha eile de chuid an Aontais;

23. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag bonneagair thaighde, bonneagair theicneolaíochta agus saoráidí tástála agus turgnamhaíochta mar mhoil inniúlachta réigiúnacha, lena n-áirítear líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach, lena mealltar agus lena gcomhtháthaítear raon leathan geallsealbhóirí T&N ar bhealach atá dírithe ar réitigh agus atá ildisciplíneach, sealbhú eolais nua a éascú, lena gcuirtear dlús le teicneolaíochtaí nua a bheith á nglacadh ag cuideachtaí, agus a fheidhmíonn mar chatalaíoch don nuálaíocht áitbhunaithe;

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI Dearbhú Phrág maidir le Sineirgí i Maoiniú T&I san Eoraip agus an Fógra ón gCoimisiún – Sineirgí idir Fís Eorpach agus cláir CFRE[11]; MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún bacainní leanúnacha a shainaithint agus na constaicí atá ann cheana a shárú a chuireann bac ar shineirgí idir ionstraimí cistiúcháin réigiúnacha, náisiúnta agus Aontais; AONTAÍONN SÍ, gurb amhlaidh, trína gcur chun feidhme comhleanúnach, a bhainfear an leas is mó is féidir as deiseanna do ghníomhaithe T&N cuspóirí na mbeartas nuálaíochta a bhaint amach; IS DÍOL SÁSAIMH di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na comhlántachtaí idir ionstraimí cistiúcháin an Aontais atá ann cheana a mheas, in éineacht leis na Ballstáit agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, chun go dtabharfar aghaidh ar bhearna an mhéadaithe do chuideachtaí nuálacha Eorpacha, lena n-áirítear cuideachtaí domhainteicneolaíochta;

25. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá atá le cur chuige níos leithne i leith éiceachóras nuálaíochta na hEorpa; AITHNÍONN SÍ ról EUREKA maidir le tacaíocht dhea-spriocdhírithe a chur ar fáil do ghnólachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, rochtain ar eolas idirnáisiúnta a éascú agus, ar an gcaoi sin, a chur ar a gcumas idirnáisiúnú a dhéanamh agus dul isteach i margaí domhanda; IS DÍOL SÁSAIMH DI an Meabhrán Tuisceana idir EUREKA agus an Coimisiún a síníodh le déanaí chun acmhainneachtaí nuálaíochta an Aontais a neartú;

11 C(2022) 4747.

**DÁLAÍ CREATA A FHEABHSÚ**

26. CUIREANN SI CHUN SUNTAIS go bhfuil ról ríthábhachtach ag boscaí gainimh rialála agus ag saoráidí tástála agus turgnamhaíochta, amhail leapacha tástála, léiritheoirí, saotharlanna beo agus moil nuálaíochta digití, chun réitigh nuálacha a thástáil, a thaispeáint agus a uas-scálú, agus chun iad a aistriú ón tsaotharlann go dtí domhain na dtionscal trí ghníomhaíochtaí turgnamhacha a dhéantar i bhfíorthimpeallacht atá faoi cheangal ama agus atá rialaithe agus a ndéanann údarás rialála maoirseacht orthu; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról agus feidhmeanna na n-institiúidí ardoideachais agus na n-eagraíochtaí taighde agus MOLANN SÍ go gcuirfí chun cinn an soláthar a dhéanann siad cheana féin de thimpeallachtaí sábháilte chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus chun comhlíonadh na nuálaíochta leis an timpeallacht rialála agus le noirm shochaíocha a sheiceáil; IS DÍOL SÁSAIMH DI go mbeifear in ann, mar thoradh ar an gCreat Státchabhrach Athbhreithnithe don Taighde agus don Fhorbairt, cabhair a dheonú chun bonneagair thástála agus thurgnamhaíochta a thógáil agus a uasghrádú;

**BEARTAIS NUÁLAÍOCHTA A CHUR CHUN CINN**

27. CUIREANN SÍ I dTREIS a fhíorthábhachtaí atá soláthar nuálaíochta earraí agus seirbhísí nua agus soláthar réamhthráchtála T&N mar ionstraim thábhachtach chun réitigh nuálaíochta a dhreasú agus chun dlús a chur lena nglacadh sa mhargadh; MOLANN SÍ do na Ballstáit beartais soláthair nuálaíochta a fhorbairt agus a chothú agus leas straitéiseach a bhaint as soláthar nuálaíochta mar ionstraim chun borradh a chur faoin nuálaíocht, agus measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar thionchair na mbeartas sin ar an nuálaíocht, chomh maith le huirlisí nuálacha a spreagadh chun an comhar agus an chomhpháirtíocht idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a chothú;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhairle shaineolach a chur ar fáil do na Ballstáit, trí Shaoráid Tacaíochta Beartais (STB) Fís Eorpach, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (ITT) agus tríd an gCúnamh Teicniúil don Bheartas Réigiúnach, maidir le conas beartais nuálaíochta agus beartais soláthair phoiblí a cheapadh, a chruthú agus a chur chun feidhme a mbeidh tionchar níos mó acu lena gcothaítear nuálaíocht, lena n-áirítear trí oiliúint agus trí fhothú acmhainneachta na foirne atá i gceannas ar an soláthar poiblí; MOLANN SÍ do na Ballstáit leas a bhaint as na hionstraimí sin; IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún chun tacú le sainseirbhísí comhairleacha soláthair nuálaíochta a bhunú;

29. MOLANN SÍ don Choimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, athbhreithniú a dhéanamh ar an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta agus ar an Scórchlár Nuálaíochta Réigiúnach, ionas go léireofar leo freisin cuspóirí an Chláir Oibre Eorpaigh Nuálaíochta nua, lena n-áirítear trí tháscairí ábhartha a ionchorprú maidir le cuideachtaí nuathionscanta, fiontair dhomhainteicneolaíochta agus gnólachtaí atá i mbun fáis a d'fhéadfadh cabhrú le lucht déanta beartas beartais nuálaíochta atá bunaithe ar fhianaise a cheapadh agus a chur chun feidhme;

30. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún clár oibre coiteann beartais a fhorbairt chun comhordú na mbeartas tacaíochta nuálaíochta a chur chun cinn in éineacht le geallsealbhóirí T&N, agus úsáid á baint as Fóram EIC mar ardán chun cur chun feidhme comhleanúnach gníomhaíochtaí agus beartas tacaíochta nuálaíochta Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnach a chur chun cinn, chun tionscnaimh a ullmhú chun creat rialála an Aontais don nuálaíocht a fheabhsú, agus chun bearta a mholadh chun timpeallacht atá fabhrach don nuálaíocht agus éiceachóras atá dírithe ar an nuálaíocht a fhorbairt san Eoraip; MOLANN SÍ gur cheart d'Fhóram CNE oibriú i ndlúthchomhar le Fóram LET chun sineirgí a áirithiú idir Clár Oibre Beartais LET agus clár oibre na nuálaíochta.